Conradh na Gaeilge

LÁ STOCAIREACHTA AGUS EOLAIS IN ÓSTÁN BUSWELLS - DÉ CÉADAOIN, 02 NOLLAIG 2009

Guth na Gaeltachta
Feachtas Straitéiseach le cur le tosaíocht mholtaí AN BORD SNIP NUA

Tá na héilimh i gcoinne mholtaí an Bhoird Snip Nua agus an tionchar a bheidh ag an dréachtstraitéis 20 bliain don Ghaeilge ar na moltaí sin luaite thíos:

Éilimh i gcoinne moltaí an Bhoird Snip Nua:	Molta nó geallta sa dréachtstraitéis 20 Bliain don Ghaeilge:	Gníomh ag teastáil:
1. Roinn na Gaeltachta a choinneáil faoi cheannasaíocht Aire Shinsearaigh	…Beidh Aire sinsearach agus Roinn Rialtais (An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta) ar a mbeidh lárfhreagracht maidir le cúrsaí Gaeilge fós ann (lth 12)	• Gealltanas na dréachtstraitéise a chur i bhfeidhm • Maoiniú na Roinne le deimhniú i gcáinaisnéis 2010
2. Cúraimí fiontraíochta agus eile Údarás na Gaeltachta a choinneáil	…moltar go ndéanfaí athstruchtúrú bunúsach ar ghníomhaireacht Ghaeilge atá ann cheana féin – Údarás na Gaeltachta – go gníomhaireacht Ghaeilge nua náisiúnta - Údarás na Gaeilge. Siúd is go leanfaidh feidhmiú pholasaí agus phleananna áirithe Gaeltachta mar fhreagracht ar An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, féadfaidh sí áfach feidhmeanna a tharmligean mar is cuí chuig Údarás na Gaeilge (lth 13) …Is iad An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus Údarás na Gaeilge a dhéanfaidh seachadadh ar an oiread seirbhísí nach seirbhísí teanga agus is féidir in aitheantas a bhfuil cruthaithe acu ó thaobh seirbhísí a sheachadadh trí Ghaeilge. Níl sé i gceist mar sin a mholadh go n-aistreofaí aon scéimeanna atá ann agus a fheidhmíonn Údarás na Gaeltachta nó An Roinn chuig Ranna nó gníomhaireachtaí eile ach scrúdófar cláir eile a d'fhéadfadh An Roinn nó an tÚdarás a sheachadadh sa Ghaeltacht (lth 29)	• Tá sé ríthábhachtach, ach go háirithe go mbeidh cúram ar 'Údarás na Gaeilge' leanúint ag cruthú fostaíochta sa Ghaeltacht mar a bhí Údarás na Gaeltachta ag déanamh go dtí seo agus go deimhneofar seo sa dréachtstraitéis • Ní mór a dheimhniú nach céim síos atá i gceist anseo do chúraimí Gaeltachta na heagraíochta Údarás na Gaeltachta • Maoiniú sa bhreis ag teastáil do na cúraimí breise a bheidh ag 'Údarás na Gaeilge'
3. Oideachas Gaeltachta agus Gaeilge a chosaint , ina measc: • An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) a choinneáil agus a fhorbairt	Tá clár cuimsitheach sa dréachtstraitéis le hoideachas Gaeltachta agus Gaeilge a chosaint, a fhorbairt agus a láidriú (lth 15-24). I measc neart gealltanais tá: • …Beidh níos mó fócais ar léiriú níos mine ar na cuspóirí teanga ag leibhéil éagsúla na bunscolaíochta agus ar fhorbairt a dhéanamh ar ábhair ar ardchaighdeán le cuidiú le feidhmiú an churaclaim (lth 17) • …Ag an leibhéal iar-bhunoideachais, áit a bhfuil cláir i nGaeilge á dtairiscint ag trí leibhéal, cuirfear béim mhór ar inniúlacht cainte, éisteachta agus scríofa i nGaeilge a chothú agus cinnteofar athrú tábhachtach ina gcuirfear béim ar an nGaeilge mar theanga labhartha, le go mbeidh daltaí in ann cumarsáid agus idirghníomhú a dhéanamh ar bhealach nádúrtha agus go labhrófar Gaeilge gach lá sna scoileanna (lth 17) • …Socrófar tréimhse fhada sa Ghaeltacht do go leor de na hábhair mhúinteoirí, tréimhse ina leanfaidh na mic léinn clár sainmhínithe ó thaobh teagaisc teanga (lth 19) • …Déanfar beart láithreach le dlús a chur le forbairt an ionaid acmhainní oideachais Gaeilge i mBaile Bhuirne i gCo. Chorcaí (lth 23)	• Gealltanais na dréachtstraitéise a chur i bhfeidhm • Ní mór a dheimhniú go mbeidh An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) lárnach i soláthar acmhainní teagaisc, seirbhísí taca agus taighde le gealltanais na dréachtstraitéise a bhaint amach sa réimse oideachais

	• …Leanfar ag tabhairt deis do gach dalta Gaeltachta a gcuid oideachais a fháil trí mheán na Gaeilge. Déanfaidh An Roinn Oideachais agus Eolaíochta i gcomhchomhairle leis An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta iniúchadh ar na socruithe oiriúnacha don soláthar sin i gcúinsí athraitheacha gach limistéir Ghaeltachta agus feidhmeofar iad (lth 24)	
4. Scéimeanna forbartha teanga, cultúrtha agus ealaíne a choinneáil agus a leasú más gá, ina measc: • Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge (Scéim na mBan Tí) a choinneáil agus a fheabhsú	…Is féidir cur go mór le héifeachtúlacht na gColáistí Samhraidh trí phróiseas dearaidh curaclaim leanúnach a bheadh pleanáilte go maith do na coláistí agus óna thaobh sin leanfaidh An Roinn Oideachais agus Eolaíochta ag déanamh dearbhú cáilíochta ar an earnáil. Oibreoidh An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta lena chinntiú go gcuirfidh na Coláistí Samhraidh níos mó béime ar fhoghlaim na teanga ó thaobh an teaghlaigh de le gur féidir gréasáin a úsáidfidh an teanga go nádúrtha a chur chun cinn agus go mbeidh córais ann le go leanfar ar aghaidh ag labhairt na teanga i dteaghlaigh agus i ndíormaí cairde i ndiaidh na tréimhse sa Choláiste Samhraidh (lth 16) …Déanfar athbhreithniú ar an gcur chuige atá ann faoi láthair ó thaobh Coláistí Samhraidh Gaeltachta le súil go mbeadh baint níos comhleanúnaí ag an Stát le rialáil agus le forbairt na gcoláistí sin, le cur le héifeachtacht agus caighdeán na seirbhísí a chuirtear ar fáil iontu agus le próiseas leagan amach curaclaim níos fearr agus níos comhleanúnaí iontu a chinntiú (lth 23)	• Gealltanais na dréachtstraitéise a chur i bhfeidhm • Scéim na bhfoghlaimeoirí Gaeilge a dheimhniú i gcáinaisnéis 2010
5. Ciste caiteachais a bheith ar fáil d'oibreacha caipitil, infreastruchtúir agus pobail i gceantair iargúlta mar an Ghaeltacht	…Cinneafar caiteachais an Stáit amach anseo sa Ghaeltacht de réir an tionchair a bheidh aige ar an teanga (lth 28)…	• Ciste caipitil le deimhniú sa cháinaisnéis

Tá na ceisteanna a leanas tar éis teacht chun cinn ó fhoilsiú na dréachtstraitéise 20 bliain don Ghaeilge chomh maith:

Molta nó geallta sa dréachtstraitéis:	Gníomh ag teastáil:
…Beidh ról tábhachtach ag an earnáil dheonach áitiúil ó thaobh forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh agus ar phleananna teanga áitiúla. Tá sé tábhachtach mar sin go dtabharfaí guth agus deis don earnáil le cuidiú le polasaí ag an leibhéal áitiúil agus go dtabharfaí tacaíocht do ghrúpaí atá ag iarraidh a bheith gafa leis an teanga ag an leibhéal áitiúil agus ag an leibhéal náisiúnta agus a bheadh ag teacht le haidhmeanna agus ábhar na Straitéise (lth 36) …Faoi láthair cuireann an Stát maoiniú ar fáil do chuid mhaith eagraíochtaí Gaeilge éagsúla. Tabharfar faoi chur chuige ón 'gcliabhán go seanaois' agus a bheidh níos lánpháirtithe trí atheagrú mór ar eagraíochtaí teanga a fhaigheann maoiniú ón Stát le tacaíocht teanga chuimsitheach a sholáthar ar bhonn réimse (lth 36)	• Soiléiriú agus deimhniú ag teastáil ar ról an phobail agus na n-eagraíochtaí deonacha Gaeilge i gcur i bhfeidhm na dréachtstraitéise
…I gcomhthéacs thiomantas leanúnach an Rialtais ó thaobh Chomhaontú Aoine an Chéasta a fheidhmiú go hiomlán leanfaidh sé ag tacú le Foras na Gaeilge, an comhlacht forfheidhmithe Thuaidh/Theas a bhfuil dualgas air an teanga a chur chun cinn ar bhonn uile-oileáin agus lena oibriú éifeachtach leanúnach a chinntiú. Beidh dea-thionchar ag Straitéis an Rialtais ar lucht labhartha na Gaeilge i dTuaisceart Éireann. (lth 8) …Leanfar ag tacú le Foras na Gaeilge ó thaobh acmhainní agus tacaíochtaí a chur ar fáil don teanga ag leibhéal uile-Éireann.(lth 32)	• Soiléiriú ar ról Fhoras na Gaeilge agus an mbeidh maoiniú ar fáil do na heagraíochtaí Gaeilge ó Thuaidh